**Leasú 3**
**Irene Tinagli**
thar ceann an Choiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

**Tuarascáil A9-0030/2023**
**Jonás Fernández**
Leasú a dhéanamh ar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le ceanglais le haghaidh riosca creidmheasa, riosca coigeartaithe luachála creidmheasa, riosca margaidh agus bonn aschuir
(COM(2021)0664 – C9-0397/2021 – 2021/0342(COD))

**Dréachtrún reachtach**
**Mír 1a (new)**

| *Dréachtrún reachtach* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***1a. ag cur sonrú sa ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo, agus a fhoilseofar i sraith C d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh;*** |

Or. en

Mar eolas, seo a leanas an ráiteas:

**'Ráiteas ón gCoimisiún i ndáil le hAirteagal 1, pointe (253) de Rialachán (AE) 2024/... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hAirteagal 518c de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**

Geallann an Coimisiún go ndéanfaidh sé measúnú cothrom agus cóir ar staid an Mhargaidh Aonair don bhaincéireacht, agus ceanglais stuamachta á gcur san áireamh go háirithe, lena n-áirítear leibhéal chur i bhfeidhm an íosráta aschuir agus na forálacha maidir le tarscaoileadh ceanglas caipitil agus leachtachta. Cuirfidh sé an sainordú sin i gcrích bunaithe ar ionchuir ón Údarás Baincéireachta Eorpach agus ón mBanc Ceannais Eorpach/Sásra Maoirseachta Aonair, agus rachaidh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara chun a áirithiú go ndéanfar breithniú iomchuí ar na dearcthaí éagsúla. Tíolacfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach bunaithe ar an tuarascáil.
'